



An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024
(OR. en)

10183/24

RECH 243
COMPET 580

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	23 Bealtaine 2024
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9329/1/24 REV 1
Ábhar:	An mheastóireacht ex post ar Fhís 2020 agus ar an ionchas a bheidh ann amach anseo – Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 23 Bealtaine 2024)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le *An mheastóireacht ex post ar Fhís 2020 agus ar an ionchas a bheidh ann amach anseo*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4026ú cruinniú dá cuid an 23 Bealtaine 2024.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN MEASTÓIREACHT *EX POST*
AR FHÍS 2020 AGUS AR AN IONCHAS A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,
AG MEABHRÚ DI

- na Conclúidí uaithi an 27 Bealtaine 2016¹ maidir leis an Seachtú Clár Réime agus an tIonchas don Todhchaí: infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil ar dhúshláin shochaíocha’, lena dtacaítear leis na hiarrachtaí uailmhianacha simpliúcháin ar chuir an Coimisiún tús leo, lena n-aithnítear a thábhachtaí atá sé tarraingteacht agus inrochtaineacht an Chláir Réime (FP) a áirithiú, lena n-aithnítear gur gá cláir oibre beartais a ailíniú ar bhealach níos fearr, lena n-aithnítear go bhfuil gá leis na sonraí ardcháilíochta is déanaí agus is leordhóthanaí chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair fhadtéarmacha a bheidh ag Creatchláir an Aontais maidir le T&F&N, agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin ar rannpháirtithe a íoslaghdú á chur san áireamh ag an am céanna, agus a iarraidh ar na húdaráis ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha agus ar an gCoimisiún éifeacht ghیارála an chaiteachais ar thaighde agus forbairt phoiblí (T&F) a mhéadú ar chistiú poiblí agus príobháideach eile le haghaidh taighde agus nuálaíochta (T&N) chomh maith le comhar poiblí–príobháideach a chothú;
- na Conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2017² ‘Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime’, ina dtugtar le fios go láidir nach mór breisluach AE a bheith ina phríomhspreagadh do cheapadh agus do chur chun feidhme an chláir réime;

¹ SN 9527/16

² SN 15320/17

- Moladh uaithi an 19 Samhain 2021³ maidir le ‘Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip’, ina moltar sraith choiteann luachanna agus prionsabal a bhaineann go dlúth leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) agus lena chórais T&F, mar shampla, barr feabhais agus cuimsitheacht a shaothrú mar phrionsabal chun acmhainneacht iomlán LET a bhaint amach; ag léiriú di freisin a thábhachtaí atá comhordú agus comhleanúnachas idir an ghné Eorpach agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha T&N agus an fhreagracht fhoriomlán as tionchar an eolais ar an tsochaí a mhéadú; ag athdhearbhú na sprice 3 % de OTI an Aontais a infheistiú sa taighde agus san fhorbairt;
 - na Conclúidí uaithi an 13 Deireadh Fómhair 2022⁴ maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta’ agus na Conclúidí uaithi an 9 Márta 2023⁵ maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Níl an fhéidearthacht iomlán in úsáid go fóill’, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sineirgí idir cláir an Aontais, ar thaobh amháin, agus idir an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach, ar an taobh eile, chun clársceidealú agus cur chun feidhme comhleanúnach a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt T&N.
1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an ‘Meastóireacht *ex post* ar Fhís 2020, clár réime an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht’⁶ a foilsíodh an 29 Eanáir 2024; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil aghaidh á tabhairt i bhFís Eorpach ar roinnt de na moltaí sa mheastóireacht *ex post*, agus dá bhrí sin TÁ SÍ AG SÚIL le tuairisciú tráthúil ón gCoimisiún maidir le Meastóireacht Eatramhach ar Fhís Eorpach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh dianbhonn fianaise láidir ann chun bonn eolais a chur faoi cheapadh agus faoi chur chun feidhme na gClár Réime.

³ SN 13701/21

⁴ SN 13426/22

⁵ SN 7258/23

⁶ 5941/24 agus 5941/24 ADD 2 - 4

- I. Croí-phrionsabail
2. LEAGANN SÍ BÉIM air gurb iad spriocanna uileghabhálacha an Chláir Réime, agus saothrú bairr feabhais chun tionchar a bheadh le leas shaoránaigh an Aontais a imirt mar spreagadh acu, bunúis eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú agus na gníomhaíochtaí taighde uile a mheastar a bheith riachtanach chun rannchuidiú le beartais ábhartha an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme á gcur chun cinn ag an am céanna;
- TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an Clár Réime ríthábhachtach, dá bhrí sin, do thosaíochtaí polaitiúla agus beartais an Aontais, lena n-áirítear LET a fhorbairt ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus iad ag rannchuidiú go láidir le hiomaíochas agus le hathléimneacht an Aontais.
3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag an gClár Réime mar an ionstraim lárnach ar leibhéal an Aontais chun tacú le T&N agus DEARHBHAÍONN SÍ breisluach an Chláir Réime ó thaobh na ngníomhaíochtaí T&N is féidir a dhéanamh mar gheall air, go háirithe taighde comhoibríoch, nach mbeadh indéanta trí mhodhanna eile ná trí fhoinsí eile cistiúcháin.
4. AITHNÍONN SÍ an teachtaireacht ón meastóireacht go bhfuil gá le buiséad agus cobhsaíocht leordhóthanach le linn chéim cur chun feidhme an Chláir Réime, gan dochar do CAI an Aontais a bheith ann amach anseo, d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach agus chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, faoina tharraingteacht do thallann T&N, agus dá acmhainneacht ó thaobh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a ghíaráil. Ina theannta sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le córas láidir idirnasctha Eorpach T&N ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach agus cuireann sí in iúl go bhfuil Ballstáit an Aontais fós i bhfad ón sprioc ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, is é sin, 3 % den OTI in aghaidh na bliana a infheistiú i T&F — le hinfeistíocht 2.22 % de OTI ón Aontas in 2022.

II. Tionchar eolaíoch

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionchar suntasach eolaíoch a gineadh le Fís 2020, lena spreagtar fionnachtana eolaíocha agus dul chun cinn ceannródaíoch san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, rud a chuireann go mór le seasamh an Aontais mar lárionad domhanda eolaíochta. AITHNÍONN SÍ go háirithe an rannhuidiú eolaíoch ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) agus ó Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA) mar ionstraimí suaitheanta agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionchar struchtúraithe dearfach atá acu ar cháilíocht na heolaíochta, na hoiliúna, na forbartha gairme agus ar dhálaí oibre na dtaighdeoirí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint a thuilleadh ar bhealaí chun éifeacht ghiarála na n-ionstraimí sin a leathnú chuig sármhaitheas eolaíoch agus scileanna agus gairmeacha feabhsaithe taighdeoirí i gcás eagraíochtaí rannpháirteacha uile an Chláir Réime.
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh le Fís 2020 an slabhra luacha iomlán T&N, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún díriú ar chur chuige cothrom maidir leis na deiseanna cistiúcháin idir taighde bunúsach agus na céimeanna deiridh de luachshocrú eacnamaíoch nó shochaíoch thorthaí an taighde, lena n-áirítear níos mó deiseanna a chur ar fáil do thaighde comhoibríoch ag Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta (LUTanna) níos ísle. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i mbonn eolais láidir leathan, lena n-áirítear go mbeadh raon leathan aschur T&N ann san fhadtéarma, agus ar an gcaoi sin, threiseofaí cumas an Aontais freagairt go tapa agus go héifeachtach ar ghéarchéimeanna gan choinne.

III. Tionchar sochaíoch

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE rannhuidiú suntasach Fhís 2020 chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin shochaíocha i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus atá nasctha leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna); IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athrú a tháinig, tar éis na meastóireachta eatramhaí a rinneadh ar Fhís 2020, ar chur chuige an chláir, agus é anois níos straitéisí, idirdhisciplíneach agus spriocdhírithe, darb aidhm gníomhaíochtaí T&N a chur chun cinn a bhfuil sé d'acmhainneacht acu córais shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a chlaowlú agus athléimneacht an Aontais a mhéadú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár bhain Fís 2020 a sprioc bhuiséadach amach go hiomlán maidir le hábhair a bhaineann go sonrach leis an aeráid.

8. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go n-éilítear leis an gcur chuige sin rannpháirtíocht chomhordaithe agus rannpháirtíocht luath na mBallstát agus comhairliúchán leis na geallsealbhóirí uile maidir le tosaíochtaí téamacha T&N a leagan síos agus a chomhdhearadh, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-infheistíochtaí i T&N ar gach leibhéal. LEAGANN SÍ BÉIM ar an luach a bhaineann le cur chuige ón mbun aníos nach mbeadh chomh saintreorach céanna laistigh de na tosaíochtaí téamacha, agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán chruthaitheacht na dtaighdeoirí chun aghaidh a thabhairt orthu sin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de ranníocaíochtaí ábhartha ó gach cuid den chlár a chomhcheangal chun go mbeifear in ann cuspóirí coiteanna a bhaint amach agus chun tionchar a mhéadú sna príomhréimsí, mar a tionscnaíodh le cur chuige na Réimsí Fócais. MEABHRAÍTEAR DI an ról tábhachtach atá ag torthaí T&N sa phróiseas ceaptha beartas agus MOLANN SÍ don Choimisiún aiseolas maidir le beartas ó thionscadail an Chláir Réime a bharrfheabhsú.
9. AITHNÍONN SÍ gur tháinig méadú, le linn shaolré an chláir, ar chomhtháthú na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí agus gur tháinig feabhas ar cháilíocht chomhtháthú na n-eolaíochtaí sóisialta agus na ndaonnachtaí i dtionscadail, ach IS OTH LÉI glacadh míchothrom SSH ar fud chodanna an chláir agus sa chomhtháthú cáilíochtúil a rinneadh orthu i dtionscadail; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé dearcadh sochaíoch a áireamh maidir le gníomhaíochtaí taighde agus forbairt teicneolaíochta, rud as a dtiocfaidh deiseanna níos fearr chun luach tionsclaíoch agus sochaíoch a chruthú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar leordhóthanacht na mbreithnithe sochaíocha atá ann cheana ag céim dréachtaithe na gclár oibre uile, agus trí mheastóireacht níos déine a dhéanamh air i gcás tograí tionscadail i gcás inarb ábhartha.

IV. Tionchar eacnamaíoch

10. AITHNÍONN SÍ tionchar eacnamaíoch níos leithne an chláir, ní hamháin trí fhostaíocht agus fás eacnamaíoch a spreagadh mar thoradh ar infheistíochtaí i T&N agus aistriú eolais chuig an tsochaí agus chuig an margadh, ach trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a ghíaráil agus táirgiúlacht na gcuideachtaí lena mbaineann a mhéadú chomh maith; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hinfeistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn a thuilleadh agus tacú leo a thuilleadh tríd an gclár réime; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an meastachán go dtiocfaidh cúig euro de shochair do shaoránaigh den Aontas faoi 2040 as gach euro a infheistítear i bhFís 2020. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí feabhsaithe chun feidhmíocht T&N an Aontais a neartú.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI tabhairt isteach threoirthionscadal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) i bhFís 2020, lenar cuireadh tús le hionad ilfhreastail do bhearta nuálaíochta; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do gach cineál nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht cheannródaíoch agus acmhainneacht teicneolaíochta ar fud na hEorpa agus do na hiarrachtaí margadh caipitil fiontair na hEorpa a neartú lena n-éascaítear infheistíochtaí trasteorann agus lena méadaítear an caipiteal riosca atá ar fáil don nuálaíocht, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a mhéadú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sineirgí a dhoimhniú a thuilleadh idir ionstraimí agus cláir nuálaíochta ábhartha, mar shampla, chun comhlántachtaí idir an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus CNE a fheabhsú chun tacú leis an nuálaíocht agus measúnú a dhéanamh ar roghanna chun forluí ionstraimí a sheachaint.
12. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hiarracht bhreise a dhéanamh chun feabhas a chur ar ghlacadh éifeachtach na n-úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, in ainneoin an mhéid ollmhóir torthaí insaothraithe a bhí ar thionscadail Fhís 2020. AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún seirbhísí agus uirlisí tacaíochta saothraithe agus scaipthe a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais chun feabhas a chur ar infheictheacht agus ar inúsáidteacht na dtorthaí, ach TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de na huirlisí agus na seirbhísí sin a fheabhsú agus a leathnú agus féachaint ar bhealaí breise chun tacú le tairbhíthe feabhas a chur ar a luachshocrú eolais agus ar a n-acmhainneachtaí agus a scileanna cumarsáide.
13. LEAGANN SÍ BÉIM ar an mbreisluach a bhaineann le rannpháirtíocht luath na n-úsáideoirí deiridh nó a ndearchtaí i ndearadh agus i struchtúr na dtionscadal ábhartha T&N. IS DÍOL SÁSAIMH DI an méadú atá tagtha ar líon na nuatheachtaithe a mealladh chuig Fís 2020 ó earnálacha éagsúla, ó dhisciplíní eolaíocha agus ó thíortha éagsúla, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de rannpháirtíocht eintiteas nua ó gach cearn den Aontas a éascú, ar eintitis iad a d'fhéadfadh breisluach a chur ar fáil chun cruthú eolais agus luachshocrú eolais a threisiú, go háirithe FBManna.

V. Sineirgí

14. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh maidir le sineirgí a éascú idir Fís 2020 agus cláir agus cistí eile de chuid an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dul chun cinn déanta sa chur chun feidhme ó thaobh shineirgí réamhtheachtacha agus cistiú malartach Fhís 2020 ach gur léirigh sineirgí iartheachacha agus cistiú comhlántach ó fhoinsí an Aontais, ó fhoinsí náisiúnta, ó fhoinsí réigiúnacha agus ó fhoinsí príobháideacha gur gá feabhas a chur orthu. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí sineirgí idir cistiú náisiúnta agus cistiú de chuid an Aontais a spreagadh le Comhpháirtíochtaí, agus cruthú eolais agus luachshocrú eolais a threisiú; MOLANN SÍ conairí níos éifeachtúla a bhunú laistigh den Chlár Réime, idir cláir earnála ábhartha den Aontas agus chuig cláir náisiúnta agus réigiúnacha chun torthaí taighde agus nuálaíochta arna nginiúint ag gníomhaíochtaí an Chláir Réime a mhionchoigeartú nó a mhéadú chun borradh a chur faoina saothrú agus faoina nglacadh; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun raon feidhme agus úsáid an tSéala Barr Feabhais a leathnú agus feasacht ar an deis sin a mhúscailt a thuilleadh.
15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún fis uileghabhálach a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit maidir le tírdhreach cistiúcháin Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach T&N as a n-eascróidh simpliú agus cur chuige níos comhordaithe trí dhearadh na gclár agus nasc níos fearr idir gach cuid, lena bhfeabhsófar comhlántacht agus comhleanúnachas, agus lena laghdófar ilroinnt agus lena mbainfear an leas is fearr is féidir as torthaí T&N. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit an comhar a neartú idir comhlachtaí a bhfuil baint acu le cláir ábhartha a bhaineann le T&N a bhainistiú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear cláir an bheartais chomhtháthaithe agus an Clár Réime; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint d'iarracht a dhéanamh feasacht na gcomhlachtaí cistiúcháin agus na n-iarratasóirí ar thorthaí insaothraithe an Chláir Réime a mhúscailt, chomh maith le hobair leantach a dhéanamh ar dheiseanna ar fud na gclár agus ag céimeanna éagsúla de phíblíne T&N.

VI. Tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI na spriocanna agus méid na coda maidir leis an Eolaíocht i gcomhar leis an tSochaí agus ar son na Sochaí (SwafS) d'Fhís 2020 a baineadh amach agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an Clár Réime a chur i gcomhréir ar bhealach níos fearr le creat beartais LET chun a n-ábharthacht a fheabhsú maidir le margadh aonair gan teorainneacha a bhunú do T&F ar fud na hEorpa.
17. IS DÍOL SÁSAIMH DI na feabhsuithe a rinneadh i dtreo cothromaíocht inscne i bhFís 2020, ach MEASANN SÍ gur cheart rannpháirtíocht na mban, lena n-áirítear i gcomhordú tionscadal, sa chlár a threisiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís bhreise a dhéanamh ar chúiseanna na míchothromaíochtaí agus féachaint ar bhearta breise níos láidre chun tacú le taighdeoirí, meastóirí, fiontraithe agus nuálaithe ar mná iad, agus MOLANN SÍ don Choimisiún béim leanúnach a leagan ar ghné na hinscne a chomhtháthú san inneachar taighde agus nuálaíochta agus ar thacú le príomhshruthú an chomhionannais inscne.
18. LEAGANN SÍ BÉIM ar fhorbairt, uasghrádú agus inrochtaineacht fheabhsaithe na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta a cuireadh i gcrích i bhFís 2020, lena bhfeabhsaítear comhar taighde, lena gcumasaítear dul chun cinn eolaíoch úrscothach, agus lena n-áirithítear tástáil nuálaíochtaí; MOLANN SÍ go n-éascódh na Ballstáit agus an Coimisiún rochtain ar bhonneagair thaighde, lena n-áirítear le haghaidh taighde comhoibríoch, agus go gcruthóidís sineirgí níos fearr idir cláir chistiúcháin de chuid an Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha do bhonneagair thaighde, chun a áirithiú go mbeidh a n-oibríochtaí inbhuanaithe, i gcomhréir le hobair agus le moltaí an Fhóraitm Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde.

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le comhtháthú phrionsabail agus cheanglais na rochtana oscailte i bhFís 2020, forbairt an ardáin foilsitheoireachta rochtana oscailte Taighde Oscailte na hEorpa (ORE) agus bunú an Néil Eorpaigh maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), lena gcuirtear le cúrsaíocht fheabhsaithe eolais; MOLANN SÍ go ndéanfaí bainistiú sonraí (FAIR) atá so-aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte a mhéadú agus a dhreasú a thuilleadh ar fud disciplíní agus codanna den chlár.
20. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil oscailteacht Fhís 2020 don chomhar idirnáisiúnta maidir le T&N rithábachtach chun barr feabhais agus tarraingteacht an Aontais a neartú, chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda agus chun tacú le cuspóirí beartais sheachtracha agus forbartha an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an comhar idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir leis na prionsabail agus na luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta in T&N chomh maith le huathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna, agus an comhthéacs geopholaitiúil athraitheach á chur san áireamh trí oscailteacht agus saoirse an taighde eolaíoch a chothromú leis an ngá atá le slándáil taighde a fheabhsú.

VII. Rannpháirtíocht a leathnú

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méadú measartha a tháinig ar an ráta rannpháirtíochta agus ar sciar ranníocaíochta AE na dtíortha a chuimsítear faoin leathnú ar Fhís 2020, agus na héagothromaíochtaí leanúnacha idir tíortha a chuimsítear ann agus na tíortha nach gcuimsítear; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le hinfheistíochtaí agus athchóirithe spriocdhírithé leanúnacha náisiúnta i gcórais náisiúnta T&N chun fíorathrú inbhuanaithe a dhéanamh. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún tionchar agus éifeachtacht na mbeart leathnaithe a cuireadh chun feidhme a mheas agus a chur i láthair, agus bunchúiseanna éagsúla na deighilte T&N á gcur san áireamh. AITHNÍONN SÍ go raibh níos lú daoine nua i measc na dtairbhíthe maidir le Barr Feabhais a Scaipeadh agus Rannpháirtíocht a Leathnú i gcomparáid le codanna eile an chláir; LEAGANN SÍ BÉIM ag an am céanna ar na héagothromaíochtaí suntasacha i measc na dtíortha a chuimsítear faoin leathnú maidir le rannpháirtíocht chomh maith le rátaí ratha agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag roghanna éagsúla i dtreo cur chuige níos éifeachtaí agus an tionchar sin a chur i láthair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí saincheaptha, lena gcuirtear san áireamh na bunchúiseanna a sainathnódh agus lena rannchuidítear leis an deighilt T&N a dhúnadh.

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gur rannchuidigh an chomhpháirtíocht le hinstitiúidí ardfheidhmíochta trí bhearta a leathnú go cinntitheach le cáilíocht an taighde i dtíortha a chuimsítear faoin leathnú a fheabhsú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta a neartú lena dtacaítear le líonraí taighdeoirí a oscailt agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil, go háirithe do thaighdeoirí luathghairmeacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar úsáid níos leithne a bhaint as cineálacha cur chuige sineirgeacha comhoibríocha le haghaidh fothú acmhainní, chomh maith le bearta tacaíochta a leathnú chucu sin.

VIII. Cur chun feidhme

23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus é ina chúis aiféala di, go raibh roinnt codanna den chlár thíos le róchlárú rannpháirtithe agus, dá bhrí sin, gur cuireadh cuid mhór agus acmhainní d'iarratasóirí amú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bhealaí cur chuige nua a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar róchlárú rannpháirtithe agus ar na rátaí ísle ratha, chun leanúint de na hiarrachtaí simpliúcháin agus costais riaracháin a laghdú d'iarratasóirí agus do thairbhíthe; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhféadfaí beagnach trí cheathrú de na tograí a mheas saineolaithe neamhspleácha a bheith ar ardcháilíocht a chistiú. IS DÍOL SÁSAIMH DI bearta píolótacha lena ndírítear ar éifeachtúlacht an chlár a fheabhsú nó ar chastacht an chlár a laghdú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh roghanna a fhiosrú chun rátaí earráide a laghdú i gcaiteachas oibríochtúil agus i gcostais phearsanra laistigh de ghníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht; LEAGANN SÍ BÉIM air gur gá meastóireacht thrédhearcach thráthúil a dhéanamh ar threoirthionscadail, agus aiseolas ó thairbhíthe agus ó gheallsealbhóirí á chur san áireamh, sula gcuirfear athruithe i bhfeidhm ar bhonn níos leithne; LEAGANN SÍ BÉIM ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé go bhfanfadh na rialacha maidir le rannpháirtíocht chomh cobhsaí agus is féidir agus go bhfuil gá le treoidhoiciméid d'iarratasóirí agus do thairbhíthe.

24. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear bac, le líon iomarcach na n-ionstraimí sa chlár, lena n-áirítear tírdhreach casta na gComhpháirtíochtaí, ar inseoltacht agus ar inrochtaineacht d'iarratasóirí in ainneoin feabhsuithe suntasacha a bheith déanta, mar shampla, an Tairseach Cistiúcháin agus Tairiscintí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar bhreisluach gach ionstraime ar leith agus scor de na hionstraimí sin nach bhfuil ag éirí go maith leo nó a bhfuil forluí eatarthu. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag na Pointí Teagmhála Náisiúnta chun iarratasóirí a threorú agus chun tacú leo agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a ról agus a gcleachtais a neartú a thuilleadh agus tacú freisin le bainistiú agus cumas taighde eagraíochtúil.

IX. Faireachán

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI an aird bhreise a tugadh ar mheasúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair Fhís 2020, ach TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is oth léi go raibh na socruithe faireacháin i bhFís 2020 róchúng ó thaobh raon feidhme de go príomha nuair a chuirtear san áireamh tionchair eacnamaíocha agus shochaíocha, saincheisteanna trasearnálacha — go háirithe SSH agus inscne — tosaíochtaí beartais — mar shampla, gníomhaíocht ar son na haeráide — agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí gearála ar athrú eagraíochtúil T&N a thairbhíthe. Dá bhrí sin, MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar thionchair fhadtéarmacha an chláir i meastóireachtaí a dhéanfar amach anseo, feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar cháilíocht sonraí lena gcumhdaítear an clár iomlán, agus modhanna nuálacha, táscairí ábhartha agus spriocanna réalaíocha a fhorbairt a thuilleadh chun faireachán a bharrfheabhsú.